

BRÖD

agus an troid ar son
cearta comhionanna

Táimid ag foghlaim conas:

- eochairstór focal a bhaineann le féiniúlachtaí LADT+ a shainmhíniú
- Bunús an chéad imeachta Bród ar domhan a aithint
- cur síos a dhéanamh ar bhunús an imeachta Bród in Éirinn
- plé a dhéanamh ar na bealaí ar tháinig athrú ar dhearcthaí agus tuairimí ó bhí na 1960idí ann.
- An tábhacht a bhaineann le Bród go fóill mar imeacht bliantúil a phlé

Eochairstór Focal

- **Leispiach:** Bean a bhfuil caidreamh grámhar aici, nó ar mhaith léi caidreamh grámhar a bheith aici, le bean eile.
- **Duine aerach:** Fear a bhfuil caidreamh grámhar aige, nó ar mhaith leis caidreamh grámhar a bheith aige, le fear eile.
D'fhéadfadh mná áirithe an téarma seo a úsáid freisin in ionad leispiach.
- **Déghnéasach:** Duine a bhfuil caidreamh grámhar aige/aici, nó ar mhaith leis/léi caidreamh grámhar a bheith aige/aici, le duine eile.
D'fhéadfadh inscne fhireann, inscne bhaineann nó inscne eile a bheith ag an duine eile sin.
- **Ilghnéasach:** Cosúil le déghnéasach. Duine a bhfuil caidreamh grámhar aige/aici, nó ar mhaith leis/léi caidreamh grámhar a bheith aige/aici, le duine eile (is cuma faoin inscne).
- **Féiniúlacht inscne:** An bealach a motháíonn duine éigin go láidir ina (h)aighe féin maidir lena (h)inscne féin.
- **Léiriú inscne:** An bealach a roghnaíonn duine éigin a f(h)éiniúlacht inscne a léiriú go seachtrach os comhair daoine eile e.g. éadaí, stíl ghruaige, cuma ghinearálta, etc.

Eochairstór Focal

- **Duine trasinscneach:** Duine nach bhfuil a f(h)éiniúlacht inscne ag teacht leis an gceann a tugadh dó/di nuair a rugadh é/í.
- **Duine cisinscneach:** Duine a bhfuil a f(h)éiniúlacht inscne ag teacht leis an gceann a tugadh dó/di nuair a rugadh é/í.
- **Duine neamh-dhénártha:** Speictream féiniúlachtaí inscne nach bhfuil fireann ná baineann amháin. Daoine a bhreathnaíonn orthu féin feadh an speictrim seo, is minic a úsáideann siad na forainmneacha 'siad/iad' chun tagairt dóibh féin.

Eochairstór Focal

- **Forainm:** Focal a úsáidtear in ionad ainmfhocail (ainm duine de ghnáth) in abairt e.g. sé, sí, siad. Uaireanta úsáideann daoine na forainmneacha siad/iad agus iad féin á gcur in aithne do dhaoine eile ionas go mbraithfidh daoine trasinscneacha agus neamhdhénártha páirteach sa chomhrá, e.g. 'Ciara is ainm dom. Úsáidim na forainmneacha sí/í'.
- **LADT:** Acrainm a sheasann d'fhéiniúlachtaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha
- **LADT+:** Acrainm lena n-aithnítear agus lena n-áirítear féiniúlachtaí mionlaigh eile nach bhfuil leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinscneach amháin. Úsáidtear roghanna eile freisin, e.g. LADTA, LADTI, LADTAIAP etc. Úsáideann daoine agus eagraíochtaí an t-acrainm is mó atá ag teacht, dar leo, lena gcuid ball, a gcuid dearcthaí agus a gcuid cuspóirí.

Cad é Bród?

- Ceiliúradh bliantúil ar an éagsúlacht agus ar gach ball den phobal LADT+ is ea Bród.
- Ceiliúrtar é i dtíortha ar fud an domhain.
- Cuid lárnach de Bród is ea paráid nó mórshiúl.
- Cuirtear síos ar Bród go minic mar mheascán de cheiliúradh agus agóid.



Cad as ar tháinig sé?

- Tharla na chéad mhórshiúlta Bród i Stáit Aontaithe Mheiriceá i mí an Mheithimh 1970.
- Freagairt ab ea iad ar chíríbeacha Stonewall i Nua-Eabhrac, a tharla bliain roimhe sin go díreach ar an 28 Meitheamh 1969.



Cad as ar tháinig sé?

- Tugadh Christopher Street Liberation Day ar an mórshiúl i Nua-Eabhrac (as Christopher Street - an tsráid ar a bhfuil an Stonewall Inn suite).
- Tugtar Christopher Street Days ar na féilte Bród i roinnt cathracha sa Ghearmáin fós.



Céard a tharla in Stonewall?

- Bhí saoránaigh LADT+ sna Stáit Aontaithe tar éis leithcheal agus ciapadh a fhulaingt leis na céadta bliain.
- Sna 1950idí agus sna 1960idí sna Stáit Aontaithe, bhí córas dlí frith-aerach ann do Mheiriceánaigh LADT+.
- D'fhéadfá daoine a ghabháil mar gheall go raibh siad aerach.



Céard a tharla in Stonewall?

- Measadh go raibh Nua-Eabhrac 'róbhog' mar thug an stát sin ísliú céime don homaighnéasacht agus rinne sé oilghníomh di, cé go bhféadfai téarma príosúin 6 mhí a ghearradh ar dhaoine go fóill.
- Uaireanta dhéanadh póilíní ruathar ar eagraíochtaí nó gnólachtaí a bhí aitheanta mar áiteanna a dtugadh daoine LADT+ cuairt orthu.
- Bhí an Stonewall Inn ar cheann de na háiteanna seo.




Céard a tharla in Stonewall?

- Ar 1.20am Dé Sathairn, 28 Meitheamh 1969, rinneadh ruathar ar an Stonewall Inn.
- Rinneadh a lán ruathar ar an áit roimhe sin agus bhí daoine tuirseach den chiapadh.
- De ghnáth, le linn na ruathar sin, bheadh ar na daoine sa teach tábhairne seasamh i líne agus a gcártaí aitheantais a thaispeáint.



Céard a tharla in Stonewall?

- Dúradh sa dlí go raibh ar dhaoine trí bhall éadaigh ar a laghad a bhí 'cuí ó thaobh inscne de' a chaitheamh.
- Gabhadh iad go minic nuair nár chloígh siad leis an dlí seo.
- Ar an 28 Meitheamh 1969, áfach, níor chomhoibrigh daoine leis an ruathar.




Céard a tharla in Stonewall?

- Dhiúltaigh fir sa líne cártaí aitheantais a thaispeáint.
- Shocraigh na póilíní gach duine a thabhairt go dtí stáisiún na bpóilíní ach ní raibh na vaigíní réitithe acu.
- Thosaigh slua ag bailiú lasmuigh den teach tábhairne.
- Agus bean amháin á bogadh, buaileadh sa cheann í le smachtín.



Céard a tharla in Stonewall?

- Ghlaoiigh sí ar an slua rud éigin a dhéanamh agus í á caitheamh isteach sa vaigín agus cuireadh tús leis an bhforéigean ansin.
- Sa deireadh thiar, gabhadh 13 dhuine agus bhí an pobal LADT+ i ndeireadh na feide.
- Bhí daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha ag seasamh an fhóid.



Céard a tharla ansin?

- Ar an 2 Samhain 1960, mhol Craig Rodwell, a pháirtí Fred Sargent, Ellen Broidy agus Linda Rhodes go mbeadh mórshiúl i gCathair Nua-Eabhrac an samhradh ina dhiaidh sin mar chuimhneachán ar na hagóidí a bhí ann bliain roimhe sin.
- Cuirtear síos don ghníomhaí déghnéasach Brenda Howard gurbh ise a thug an t-ainm 'Pride' ('Bród') ar an imeacht.



Céard a tharla ansin?

- Is mar gheall air seo a tugadh 'The Mother of Pride' ('Máthair Bród') uirthi ina dhiaidh sin.
- Bhí an chéad mhórshiúl ar an 28 Meitheamh 1970.
- D'éirigh go maith leis agus cuireadh tús le mórshiúlta ar fud na Stát Aontaithe agus ansin ar fud an domhain.



Céard faoi Éirinn?

- Tharla an chéad agóid LADT+ i mBaile Átha Cliath ar an 27 Meitheamh 1974.
- Chuaigh deichniúr (an Seanadóir David Norris san áireamh) ar mhórshiúl ón Roinn Dlí agus Cirt go dtí Ambasáid na Breataine chun agóid a dhéanamh in aghaidh choiriúlú na homaighnéasachta (iarsma ó na dlíthe coilíneachta).



Céard faoi Éirinn?

- Tharla an chéad mhórfhorbairt eile i 1983.
- Le linn an tsamhraidh i 1982, buaileadh a lán fir aeracha agus déghnéasacha in ionsaithe homafóbacha i mBaile Átha Cliath.
- Ar an 9 Meán Fómhair 1982, buaileadh fear óg darbh ainm Declan Flynn chomh dona sin go bhfuair sé bás ina dhiaidh sin.



Céard faoi Éirinn?

- D'ainneoin gur admhaigh beirt den chúigear ionsaitheoirí gur ionsaigh siad timpeall 20 duine LADT+ thar an tréimhse sé seachtaine, scaoileadh saor gach duine den chúigear agus gearradh pianbhreith ar fionraí orthu.
- B'ionann pianbhreith ar fionraí agus a rá nach mbeadh orthu dul isteach sa phríosún ach amháin dá ndéanfaidís rud éigin mícheart eile.



Céard faoi Éirinn?

- Ag an am céanna, gearradh téarma príosúin 12 mhí ar fhear a ghoid sparán.
- Dúirt an breitheamh i gcás Flynn 'nach bhféadfaí é seo a mheas mar dhúnmharú riamh' ('this could never be regarded as murder') agus nach raibh 'aon chineál pionóis' ('no element of correction') ag teastáil maidir leis na fir.
- Bhí an-imní ar dhaoine LADT+ faoin toradh.



Céard faoi Éirinn?

- Mar thoradh air sin, tharla an agóid ba mhó ar son cearta LADT+ go dtí sin.
- Dé Sathairn, 19 Márta 1983, tar éis an bhreithiúnais, chuaigh na céadta duine ar mhórshiúl ó Halla na Saoirse go Páirc Fhionnradhairc (áit ar maraíodh Declan).
- Tharla an chéad Pharáid Bród i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh an bhliain sin.



Céard faoi Éirinn?

- Ó shin i leith, tá Bród Bhaile Átha Cliath ag dul ó neart go neart agus glacann na mílte agus na mílte duine páirt ann gach bliain.
- Is é Bród Bhaile Átha Cliath an dara féile is mó sa phríomhchathair (i ndiaidh Lá Fhéile Pádraig).
- Bíonn paráidí Bród i gcathracha agus i mbailte ar fud na hÉireann sa lá atá inniu ann.



Céard faoi Éirinn?

- In ainneoin an dul chun cinn atá déanta maidir le cearta LADT+ thar na blianta, déantar leithcheal ar dhaoine LADT+ fós sa tsochaí.
- Dá bhrí sin, tá Bród fós mar dhlúthchuid den fhéilire chun a mheabhrú dúinn go bhfuil an éagsúlacht ina láidreachta againn agus gur cheart caitheamh le gach duine ar an gcaoi chéanna.



Ceisteanna Fiosraithe

- Conas a mhothaigh sé a bheith mar dhuine LADT+ sna 1960idí?
- Cé na hathruithe a tharla ar chearta LADT+ idir na 1960idí agus an lá atá inniu ann?
- Ós rud é nach raibh an-mheas ar dhaoine LADT+ an t-am sin, an raibh na daoine LADT+ nó na daoine neamh-LADT+ ní ba chróga páirt a ghlacadh sna hagóidí ar son cearta LADT+ i 1983?
- Céard a dhéanfainn féin?
- An bhfuil Bród fós tábhachtach? Cén fáth?

Féinmheasúnú: D'fhoghlaim mé conas...

- eochairstór focal a bhaineann le féiniúlachtaí LADT+ a shainmhíniú
- bunús an chéad imeachta Bród ar domhan a aithint
- cur síos a dhéanamh ar bhunús an imeachta Bród in Éirinn
- plé a dhéanamh ar na bealaí ar tháinig athrú ar dhearcthaí agus tuairimí ó bhí na 1960idí ann.
- an tábhacht a bhaineann le Bród go fóill mar imeacht bliantúil a phlé

Admhálacha maidir leis na híomhánna

- https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Stonewall_Inn_1969.jpg#/media/File:Stonewall_Inn_1969.jpg Diana Davies, copyright owned by New York Public Library / CC BY-SA (<http://creativecommons.org/licenses/by-sa/3.0/>)
- https://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/e/e1/Pride_March.jpg by Jay Paul / CC BY-SA (<https://creativecommons.org/licenses/by-sa/4.0>)
- By 1-555-confide (talk) - Own work (Original text: self-made), CC BY 3.0, <https://commons.wikimedia.org/w/index.php?curid=15852592>
- By Eoghan888 - Own work, Public Domain, <https://commons.wikimedia.org/w/index.php?curid=19219417>
- By Metro Centric - Dublin, CC BY 2.0, <https://commons.wikimedia.org/w/index.php?curid=85071781>
- By Lapsed Pacifist, CC BY-SA 3.0, <https://commons.wikimedia.org/w/index.php?curid=3296964>